

Aon cheisteanna eile?

Beidh an t-ionadaí allamuigh a thugann cuairt ar do theach in ann aon cheisteanna a d'fhéadfadh a bheith agat faoin staidéar seo a fhreagairt. Is féidir glaoch a chur freisin ar uimhir íosghlao an Chláir um Measúnú Idirnáisiúnta ar Inniúlachtaí Dhaoine Fásta 1890 252 293 nó cuairt a thabhairt ar láithreán gréasáin an staidéir www.piaac.ie



Go raibh maith agat roimh ré as ucht páirt a ghlacadh sa suirbhé tábhachtach seo

An Phríomh-Oifig Staidrimh

Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) freagrach as na staitisticí is oifigiúla in Éirinn a bhailiú agus a fhoilsiú. Tugtar ráthaíocht do rúndacht na sonraí aonair a bhailíonn an CSO.

Dá mba mhaith leat a thuilleadh faisnéise faoin CSO nó faoin gClár um Measúnú idirnáisiúnta ar Inniúlachtaí Dhaoine Fásta, déan teagmháil le do thoil le:

An Phríomh-Oifig Staidrimh
Rannóg PIAAC
Bóthar na Sceiche Airde
Corcaigh.

Teil: ÍosGhlao 1890 313 414


Uaireanta Oifige: Luan go hAoine, 9rn go 5in
nó

R-phost: piaac@cso.ie

PIAAC an CSO ar an nGréasán: www.piaac.ie

Eagraíochtaí Tacaíochta

Tacaíonn na heagraíochtaí seo a leanas le PIAAC agus tugann siad spreagadh do rannpháirtíocht do theaghlach sa suirbhé seo.



An Phríomh-Oifig Staidrimh
Central Statistics Office



Clár um Measúnú Idirnáisiúnta ar Inniúlachtaí Dhaoine Fásta (PIAAC)



Staidrimh d'Éire Nua-aimseartha

Céard é an Clár um Measúnú Idirnáisiúnta ar Inniúlachtaí Dhaoine Fásta (PIAAC)

Tá an suirbhé seo deartha chun a fháil amach céard a bhíonn ar bun ag daoine fásta go laethúil, cosúil le léitheoireacht, aimsiú faisnéise agus úsáid á bhaint as ríomhairí agus teicneolaíocht, agus chun foghlaim faoina gcuid oideachais agus taithí oibre. Cabhróidh an t-eolas seo linn tuiscint shoiléir a fháil ar na dúshlán atá os ár gcomhair mar thír le go bhféadfar lucht saothair níos oilte a fhorbairt sa 21ú aois.

Tá an Clár um Measúnú Idirnáisiúnta ar Inniúlachtaí Dhaoine Fásta á chur i gcrích ag an bPhríomh-Oifig Staidrimh (CSO).

Cén fáth a bhfuil an CSO ag déanamh an tsuirbhé seo?

Sa ré digiteach seo, baineann daoine fásta úsáid mhéadaitheach as faisnéis agus teicneolaíocht ina gcuid obire agus gníomhaíochtaí laethúla. Úsáidimid ríomhairí chun cumarsáid a dhéanamh le daoine eile agus chun faisnéis a chuardach. Braitheann a mhéid is atáimid in ann faisnéis agus uirlisí a úsáid, ar cé chomh éifeachtach is atá ár gcuid rannpháirtíochta sa láthair oibre, I bpróisis pholaitiúla, inár bpobail, agus sa bhaile, anois agus amach anseo.

Soláthróidh an suirbhé seo faisnéis luachmhar d'oideoirí, do lucht déanta beartas, agus do thaighdeoirí oideachais ar an leibhéal reatha scileanna agus taithí atá ag daoine fásta in Éirinn. Úsáidfean an fhaisnéis seo chun clár a fhorbairt a chuirfidh feabhas ar na scileanna atá riachtanach do dhaoine fásta sa tír seo d'fhonn a bheith rannpháirteach go rathúil i ngeilleagar agus i sochaí na 21ú aoise.


Conas a roghaíodh ár dteaghlach?

Os rud é go mbeadh sé an-chostasach agus an-deacair gach duine fásta in Éirinn a chur faoi agallamh, bainimid leas as modhanna staitistiúla eolaíochta chun daoine fásta aonair a roghnú go randamach le go ndéanfaidh siad ionadaíocht ar dhaoine eile cosúil leo féin.

Céard a chaithfidh mé a dhéanamh?

Tabharfaidh íonadaí allamuigh cuairt ar do theach chun an t-aghallamh a dhéanamh. Is ionann an chéad chuid agus ceistneoir a lorgaíonn faisnéis faoi d'oideachas, do thaithí oibre, an úsáid a bhaineann tú as teicneolaíocht agus faisnéis eile. Caitear an chuid eile den am ag comhlánú gníomhaíochtaí scríofa nó ar an ríomhaire ar féidir a dhéanamh sa saol laethúil. Ina measc seo d'fhéadfadh go mbeadh gá le treoracha ar lipéad oidís a leanúint, sceideal eiltle a léamh ag an aerfort, léarscáil a úsáid chun treoracha a thabhairt do dhuine éigin, nó dáta éaga ar tháirge bia a aimsiú.

Cén fáth ar chóir dom é seo dhéanamh?



Tá do chuid rannpháirtíochta rithabhachtach mar tá tú ag déanamh ionadaíochta ar na mílte daoine fásta eile ar fud na tíre. Is ar bhonn deonach a bhíonn daoine rannpháirteach; ach de bharr na modhanna staitistiúla a úsáideadh chun tú a roghnú, ní féidir linn duine eile a chur i d'áit mura nglacann tú páirt.

Cabhraigh linn níos mó a fhoghlaim faoi do phobal le do thoil d'fhonn iomhá níos cruinne a chruthú d'Éire. Cuirfean an fhaisnéis sin faoinár dtír i gcomparáid le tíortha eile freisin ionas go bhféadfar dul chun cinn geilleagrach agus sóisialta a mheas ar fud an domhain. Táimid buíoch as do chuid rannpháirtíochta sa staidéar seo de bharr go gcinnteoidh sé go n-úsáidfidh lucht déanta beartas an fhaisnéis is comhláine agus iad i mbun cinntí a dhéanamh a mbeidh tionchar acu orainnn uile.

Tá blianta fada ó bhí mé ar scoil, agus ní oibrím. Ní dóigh liom go bhfuilim in ann cabhair a thabhairt.

Cinnté, tá! Tá sé fíorthabhachtach go ndéanfaí ionadaíocht ar dhaoine fásta in Éirinn sa suirbhé seo. Tá gá againn le faisnéis ó:

- Daoine idir 16 agus 65 bliain d'aois
- Daoine atá sa lucht saothair faoi láthair agus iad siúd atá ar scor nó a oibríonn sa bhaile
- Daoine atá ar scoil faoi láthair agus iad siúd a d'fhreastail ar an scoil mórán blianta ó shin, agus
- Daoine a d'fhreastail ar an scoil ar feadh roinnt blianta agus iad siúd atá ag freastal uirthi le mórán blianta.

Cén chaoi a mbeidh a fhios agam go gcoimeádfar mo chuid freagraí faoi rún?



Tá an staidéar á chur i gcrích faoi fhorálacha an Achta Staidrimh, 1993. I gcomhréir docht leis an Acht sin, tugann an CSO ráthaíocht go mbeidh rúndacht na sonraí aonair cosanta i gcónaí. Tá comhaontú rúndachta sínithe ag gach duine atá ag obair ar an suirbhé ag gealladh go gcoimeádfar an fhaisnéis uile a sholáthraíonn freagróirí rúnda. Ina theannta sin, ní eiseofar ná ní fhoilseofar aon fhaisnéis a cheadófaí do dhuine aonair a aithint.

Cén chaoi a n-aithneoidh mé an t-ionadaí allamuigh?

Beidh suaitheantais aitheantais arna údarú ag an CSO á léiríonn grianghraf agus a bhaineann leis an staidéar á iompar ag an ionadaí allamuigh a dhéanann teagmháil leat.